17/11/2026
ESMA32-753890202-3098

Treoirlínte

Treoirlínte lena sonraítear na himthosca ina measfar go dtugtar isteach le forlíonadh cineál nua urrúis nach bhfuil tuairisc air cheana i réamheolaire bunaidh faoin Rialachán Réamheolaire

Clár ábhair

1 Raon feidhme 4
2 Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe 5
2.1 Tagairtí reachtacha 5
2.2 Acrainmneacha agus Giorrúcháin 6
2.3 Sainmhínithe 6
3 Cuspóir 7
4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe 7
4.1 Stádas na dtreoirlínte 7
4.2 Ceanglais maidir le tuairisciú 7
5 Treoirlínte lena sonraítear na himthosca ina bhfuil forlíonadh le meas chun cineál nua urrúis a thabhairt isteach nach bhfuil tuairisc air cheana féin i réamheolaire bunaidh 8
5.1 Forléargas 8
5.2 Na Treoirlínte 8

1 Raon feidhme

Cé?

1. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le húdaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad sa Rialachán Réamheolaire, agus le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, lena n-áirítear na daoine atá freagrach as réamheolaire faoi Airteagal 11(1) den Rialachán Réamheolaire.

Cad?

2. Is é is aidhm do na treoirlínte seo cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais chun a shainaithint cén uair is ceart a mheas go dtugtar isteach le forlíonadh cineál nua urrúis nach bhfuil tuairisc air cheana féin i réamheolaire bunaidh arna dhréachtú de bhun Airteagal 8 den Rialachán Réamheolaire. Dréachtaíodh na Treoirlínte seo i gcomhréir le hAirteagal 23(8) den Rialachán Réamheolaire agus le hAirteagal 16(1) de Rialachán ESMA.

Cathain?

3. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo dhá mhí tar éis dháta a bhfoilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA i ngach teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2 Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe

2.1 Tagairtí reachtacha

An Gníomh um Liostú	Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide[1]
CDR maidir le faisnéis airgeadais, forlíontaí, fógraí agus meiteashonraí	Rialachán Tarmligthe 2019/979 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le príomhfhaisnéis airgeadais in achoimre réamheolaire, foilsiú agus aicmiú réamheolairí, fógraí le haghaidh urrús, forlíontaí ar réamheolaire, agus an tairseach fógartha, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 382/2014 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/301 ón gCoimisiún[2]
CDR maidir le grinnscrúdú agus nochtadh	Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid, ábhar, grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 809/2004 ón gCoimisiún[3]
Rialachán ESMA	Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún[4]
Rialachán Réamheolaire nó RR	Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE[5]

[1] IO L 2024/2809, 14.11.2024
[2] IO L 166 21.6.2019, lch. 1.
[3] IO L 166 21.6.2019, lch. 26.
[4] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.
[5] IO L 168, 30.6.2017, lch. 12.

2.2 Acrainmneacha agus Giorrúcháin

AE	An tAontas Eorpach
CE	An Coimisiún Eorpach
ESMA	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
CEMA	An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais
PC	Páipéar Comhairliúcháin

2.3 Sainmhínithe

Forlíonadh táirge	téarma giorraithe chun tagairt a dhéanamh do 'forlíonadh atá le meas chun cineál nua urrúis a thabhairt isteach nach bhfuil tuairisc air cheana i réamheolaire bunaidh.'
Údarás inniúil	údarás arna ainmniú faoi Airteagal 31 den Rialachán Réamheolaire

3 Cuspóir

4. Tá na Treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 23(8) den Rialachán Réamheolaire agus Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is é is cuspóir do na Treoirlínte seo a shoiléiriú cén uair a mheasfar cineál nua urrúis a thabhairt isteach le forlíonadh nach bhfuil tuairisc air cheana i réamheolaire bunaidh arna dhréachtú de bhun Airteagal 8 den Rialachán Réamheolaire agus cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach fhorálacha Airteagal 23(8) den Rialachán Réamheolaire a áirithiú.

4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirlínte

5. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh faoi Airteagal 16 de Rialachán ESMA. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh treoirlínte agus moltaí a chomhlíonadh.

6. Ba cheart do na húdaráis inniúla lena mbaineann na treoirlínte comhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais mhaoirseachta, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith sa doiciméad dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

4.2 Ceanglais maidir le tuairisciú

7. Ní mór d'údaráis inniúla lena mbaineann na treoirlínte seo fógra a thabhairt do ESMA cibé acu an gcomhlíonann siad na treoirlínte nó an bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, le cúiseanna le neamh-chomhlíonadh, laistigh de dhá mhí ó dháta a bhfoilsithe ag ESMA chuig cfr@esma.europa.eu. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfar go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Tá teimpléad le haghaidh fógraí ar fáil ó ar shuíomh gréasáin ESMA.

8. Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thuairisciú cibé acu an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu nó nach bhfuil.

5 Treoirlínte lena sonraítear na himthosca ina bhfuil forlíonadh le meas chun cineál nua urrúis a thabhairt isteach nach bhfuil tuairisc air cheana féin i réamheolaire bunaidh

5.1 Forléargas

9. Agus Airteagail 23(4a) agus 23(8) den Rialachán Réamheolaire á gcur san áireamh, tá sé mar aidhm ag na Treoirlínte seo a shoiléiriú cathain is gá forlíonadh a mheas mar fhorlíonadh a thabharfaidh cineál nua urrúis isteach nach bhfuil tuairisc air cheana féin i réamheolaire bunaidh a dréachtaíodh de bhun Airteagal 8 den Rialachán Réamheolaire.

5.2 Na Treoirlínte

10. Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus comhchuibheas rialála a chothú ar fud an AE, tá treoir riachtanach chun na cúinsí a shoiléiriú ina ndéantar measúnú maidir le cibé ar cheart forlíonadh a mheas mar fhorlíonadh a thabharfaidh cineál nua urrúis isteach nach bhfuil tuairisc air cheana féin i réamheolaire bunaidh, toisc nár cheart do fhorlíonadh faisnéis faoi chineálacha nua urrúis a chur le réamheolaire bunaidh. Soiléirítear leis na Treoirlínte seo na himthosca sin agus tá siad ceaptha chun cabhrú le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta measúnú den sórt sin a dhéanamh.

11. **Treoirlíne 1: Má bhaineann nochtadh ó na hiarscríbhinní nóta urrúis nó na bloic thógála seo a leanas le forlíonadh, ar iarscríbhinní nó bloic iad nach raibh feidhm acu maidir leis na hurrúis a áirítear sa réamheolaire bunaidh, ba cheart déileáil leis an bhforlíonadh mar fhorlíonadh lena dtugtar isteach 'cineál' nua urrúis, agus ba cheart go mbeadh réamheolaire bunaidh nua ag teastáil:**

    - **Iarscríbhinn 17 – Urrúis as a n-eascraíonn oibleagáidí íocaíochta nó seachadta atá nasctha le bunsócmhainn**
    - **Iarscríbhinn 18 – Bunsciar**
    - **Iarscríbhinn 19 – Urrúis bunaithe ar shócmhainní**
    - **Iarscríbhinn 21 – Ráthaíochtaí**

12. Fágann sé sin, más rud é gur ullmhaíodh an réamheolaire bunaidh faoi Iarscríbhinn 14 – Nóta urrúis le haghaidh urrús nach caipiteal gnáthscaireanna iad – nár cheart forlíonadh a úsáid chun nochtadh ó Iarscríbhinní 17, 18, 19 nó 21 a chur leis.

13. Ina theannta sin, maidir le hIarscríbhinn 21 – Ráthaíochtaí – más rud é go n-áirítear ráthaíocht sa réamheolaire bunaidh, is féidir sonraí na ráthaíochta sin a leasú trí fhorlíonadh. Mar sin féin, ní féidir aon leasú a bhfuil sé mar aidhm aige ráthóir nua a thabhairt isteach a thabhairt isteach ach amháin trí dhoiciméad clárúcháin atá ceadaithe agus bailí a ionchorprú trí thagairt. Níor cheart go bhformheasfaí doiciméad clárúcháin nua tríd an bhforlíonadh mar thoradh ar leasú den sórt sin.

14. **Treoirlíne 2: Maidir le hIarscríbhinn 14 – Nóta urrús le haghaidh urrús nach gcaipiteal gnáthscaireanna iad – agus Iarscríbhinn 17 – Urrúis as a n-eascraíonn oibleagáidí íocaíochta nó seachadta atá nasctha le bunsócmhainn – ba cheart an measúnú a bheachtú bunaithe ar an gcineál bunsócmhainne de réir Mhír 3.1.7 (a)[6] de Iarscríbhinn 14 agus Mhír 2.2.2 de Iarscríbhinn 17. Fágann sé sin go bhféadfadh nochtadh a bheith i bhforlíonadh maidir leis na cineálacha bunsócmhainne seo a leanas, dá mbeadh an cineál céanna bunsócmhainne san áireamh sa réamheolaire bunaidh:**

    - **Is urrús caipiteal gnáthscaireanna í an bhunsócmhainn**
    - **Is urrús nach caipiteal gnáthscaireanna í an bhunsócmhainn**
    - **Is eintiteas tagartha nó oibleagáid tagartha í an bhunsócmhainn (i gcás urrús atá nasctha le creidmheas)**
    - **Is innéacs í an bhunsócmhainn**
    - **Is ráta úis í an bhunsócmhainn**
    - **Is tráchtearra í an bhunsócmhainn**
    - **Is cripteashócmhainn í an bhunsócmhainn**
    - **Is ciseán de bhunsócmhainní í an bhunsócmhainn**
    - **Ní thagann an bhunsócmhainn faoi réim na gcatagóirí a shonraítear thuas.**

15. Mar shampla, má áirítear ‘innéacs’ i réamheolaire bunaidh mar chineál bunsócmhainne a d’fhéadfadh a bheith ann, féadfar nochtadh maidir le hinnéacsanna dílseánaigh nua a chur isteach trí fhorlíonadh toisc nach cineál nua bunsócmhainne í sin atá bunaithe ar an gcur chuige sin. Mar sin féin, níor cheart tráchtearra a áireamh i bhforlíonadh mura n-áirítear tráchtearraí mar chineál bunsócmhainne sa réamheolaire bunaidh.

16. Ina theannta sin, i gcomhréir le mír 13 de na Treoirlínte seo (maidir le hIarscríbhinn 21 – Ráthaíochtaí), níor cheart forlíonadh a úsáid chun nochtadh a thabhairt isteach i ndáil le heintiteas nó eisitheoir nua dá dtagraítear i Mír 2.2.2 (a)(i) de Iarscríbhinn 17, ach amháin má ionchorpraítear an nochtadh ábhartha trí thagairt a dhéanamh trí

[6] ‘I gcás nach bhfuil an ráta seasta:’

dhoiciméad clárúcháin formheasta agus bailí a úsáid.

17. **Treoirlíne 3: Maidir le hlarscríbhinn 19 – Urrúis bunaithe ar shócmhainní – ba cheart an measúnú a bheachtú bunaithe ar cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann forlíonadh le Míreanna 2.2.11 (a), 2.2.16 nó 3.6 nár áiríodh roimhe seo sa réamheolaire bunaidh. Fágann sé sin nár cheart forlíonadh a úsáid chun nochtadh a thabhairt isteach i ndáil le féichiúnaí nó eintiteas nua lena ráthaítear na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2.2.11(a), nochtadh caipiteal gnáthscaireanna nua dá dtagraítear i mír 2.2.16, nó nochtadh nua le haghaidh na sócmhainne tagartha nó na bunsócmhainne mar a cheanglaítear le míreanna 3.6 (a) nó (c).**

18. Ina theannta sin, i gcomhréir le mír 13 de na Treoirlínte seo (le tagairt do larscríbhinn 21 – Ráthaíochtaí), má tá a leithéid de fhaisnéis i ndoiciméad clárúcháin nó i nóta urrús a ceadaíodh roimhe seo, ansin d'fhéadfaí í a chur san áireamh trí fhorlíonadh. Seachas sin, níor cheart í a chur san áireamh.

19. **Treoirlíne 4: Maidir le hlarscríbhinn 23 – Urrúis nach caipiteal gnáthscaireanna iad a fhógraítear go gcuirtear fachtóirí ESG san áireamh leo nó go ndéantar cuspóirí ESG a shaothrú leo – ba cheart don mheasúnú díriú ar cibé acu an ionann an t-urrús agus urrús nach caipiteal gnáthscaireanna é atá nasctha le hInbhuanaitheacht de réir Chuid 3 den larscríbhinn sin. Fágann sé sin nár cheart forlíonadh a úsáid chun nochtadh a chur leis i ndáil le hurrúis nach caipiteal gnáthscaireanna iad atá nasctha le hInbhuanaitheacht mura raibh siad san áireamh sa réamheolaire bunaidh roimhe sin.**

20. Mar sin féin, i gcomhthéacs larscríbhinn 23, féadfar nochtadh i ndáil le (i) urrúis nach caipiteal gnáthscaireanna iad a bhfuil úsáid fáltas a bhaineann le ESG ag baint leo nó (ii) urrúis nach caipiteal gnáthscaireanna struchtúrtha iad a fhógraítear go bhfuil comhpháirt ESG ag baint leo nó a bhfuil cuspóir ESG á shaothrú acu, a chur leis an réamheolaire bunaidh trí fhorlíonadh a úsáid.

21. Chun nach mbeadh aon amhras ann, tá feidhm ag na cuir chuige atá leagtha amach sna míreanna roimhe seo freisin maidir le réamheolaire leantach AE agus réamheolaire eisiúna fáis AE.